

Ceacht Cré le Ranganna 1 go dtí 2

‘Ag lascach’

Gemma Mc Ginn

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 36)
<u>Cuspóir:</u>	<p>Féidearthachtaí cré mar mheán don chur in iúl samhlaíoch a fhiosrú agus a fhionnachtan (lch. 36)</p> <p>Trialacha a dhéanamh le líne, cruth, uigeacht agus patrún i gcré agus iad a fhorbairt (lch. 36)</p>
<u>Nasc:</u>	<p>Péint agus Dath > Déan dath a fhiosrú le réimse ábhar agus meán (lch. 32)</p> <p>Líníocht > Trialacha le línte, cruthanna, uigeachtaí, patrún agus tuineacha is féidir a dhéanamh le huirlís éagsúla líníochta ar réimse dromchlaí (lch. 30)</p>
Féidearthachtaí Imeaschta:	
<p>Teanga labhartha: <i>Labhair faoi thaithí chaite agus láithreach, agus déan pleináil, réamhfhaisnéis, réamh-mheas agus buile faoi thuairim faoin todhchaí agus faoi eispeiris shamhalta</i> (lch. 27).</p> <p>Eolaíocht: <i>Breathnaigh, aithníogh agus scrúdaigh réimse nithe beo i ngnáthóga agus i dtimpeallachtai áitiúla</i> (lch. 42); Déan roinnt feasachta a fhorbairt faoi phlandaí agus ainmhithe ó thimpeallachtai níos leithne (lch. 42)</p> <p>Gaeilge: <i>Focail cháilitheacha a úsáid</i> (p.43)</p>	

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Ag tosú: Sula dtosaim rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithé lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. “Nuair a bhí mise i mo leanbh d’fhéadfadh sé suas le sé seachtaíne a thógáil orainn grianghraif a chur chuig mo chol ceathracha san Astráil. Is féidir linn grianghraif a sheoladhanois i gcúpla nóiméad le fón póca! Is féidir é seo a dhéanamh mar gheall gur bhain daoine úsáid as a gcuid samhlaíochta. Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sín amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

Ábhair Riachtanacha: Cré potaire
 Cláir adhmaid nó cárta láidir (chun oibriú air)
 Uirlísí cré nó cipíní líreacáin
 Crainn fhuinte (is féidir iad a dhéanamh trí chosa scuaibe a ghearradh ina bpíosaí)
 Buicéad plaisteach le clúdach teann, nó málaí plaisteacha chun an chré a stóráil
 Pictiúir de chineálacha éagsúla iasc, beag, mór, ó aibhneacha agus ó fharraigí.

Spreagadh: **Chuaigh mé ag lascach**
 Chuaigh mé ag lascach
 Thug mé liom baoite.
 Níor fhág mé go luath,
 Níor fhág mé go déanach,

Rug mé ar ocht n-iasc
 le cur i mo bhuicéad

Ronnach seacht gcinn acu,
Agus míol mór dom féin.

Ní raibh sé deacair
seacht ronnach a chur sa channa
Ach ba mhór an stró orm
An míol mór a chur isteach leo!

Thug mé liom abhaile iad.
Cad a dúirt mo Mhamaí?
“Cuir uait an ocht n-iasc sin -
Is stéig a bheidh againn inniu!”
Gan ainm

“An raibh tú ag iascach riamh? An bhfaca tú aon iasc san uisce? Ar rug tú ar aon iasc? An bhfuil ainm iasc ar bith ar eolas agat? Cad iad na cruthanna, na méideanna agus na dathanna atá orthu? Ar mhottaigh tú riamh aon iasc? Conas a mhottaigh sé? Cad a cheap tú faoin gcaoi a mhothódh sé? Féach ar phictiúir de roinnt éisc agus déan cur síos ar na difríochtaí atá eatarthu. Déanaimis féin roinnt éisc!”

Gníomhaíocht:

Faoin am seo ba chóir go mbeadh taithí ag na leanaí ar chré agus ar an gcaoi lena láimhseáil.

Féadfaidh na leanaí roinnt leaca a dhéanamh trí chré a bhrú amach, tríd an chré a bhualadh nó í a rolladh amach le crann fuinte. Féadfaidh siad cruthanna éisc a ghearradh amach le huirlísí cré agus uigeacht a chur leo lena méara, le huirlísí cré agus trí rudaí a bhrú isteach sa chré. Féadfaidh siad cruthanna gainní a ghearradh amach agus iad a chur leis an leac, agus iad a dhéanamh mín trí shleamhán a úsáid nó ar an sleamhán. (Déantar sleamhán trí uisce a chur le cré agus é a mheascadh go dtí go mbíonn sé ar nós súlaigh. Is féidir é seo a chur ar an leac le scuab). Spreag iad le trial a bhaint as uigeachtaí agus cruthanna agus tuairisc a thabhairt faoina bhfuil ag tarlú agus iad ag obair. Is féidir na píosaí críochnaithe a fhágáil le triomú agus iad a phéinteáil níos déanaí, más mian leis na leanaí

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Féadfaidh na leanaí tuairisc a thabhairt ar a seal féin faoina bhfuil déanta acu agus ceisteanna a chur ar a chéile faoina gcuid éisc. Spreag na leanaí chun amharc ar shaothair cheirmeacha Picasso, mar ar phéinteáil sé ar phlátaí agus ar leaca cré, agus freagairt dóibh. Táispeáin leacáin mhaiseacha do na leanaí, le patrúin ghreanta agus rilíf más féidir. Tabhair cuairt ar an rannóg Cré ar an suíomh idirlín agus féach ar an Taispeántas Sleamhnán Cré ([Clay slideshow](#)) Spreag iad chun an Diosca Phaestos a phlé, conas ar cuireadh maisiúchán air agus cén bhí a bheadh leis na siombail.

Gníomhaíochtaí Breise:

Féadfaidh na leanaí leacáin chré a rolladh amach agus iad a mhaisiú trí chur leo, líniocht a dhéanamh orthu, nithe a bhrú isteach iontu chun uigeachtaí éagsúla a chruthú. D'fhéadfaí iad seo a dhéanamh mar chuid de théama, nó de réir an tséasúir.

Féidearthachtaí TCF:

http://www.handsoncrafts.org/studio_frame.htm

Tá cluiche idirghníomhach ar an suíomh seo a thaispeánann do leanaí conas féinphortráid leaca a chruthú.

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid:

Tugann na cláir Cré ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag úsáid cré mar mheán chun iad féin a chur in iúl go samhláioch. Is féidir na leanaí a fheiceáil ag rollú leaca amach agus á maisiú ar bhealaí éagsúla.

Nóta: Fuair mé amach gurbh fhearr sprae plandaí a úsáid chun an chré a choinneáil tais agus na leanaí ag obair. Coinnígh do shleamhán i soitheach aerdhíonach lena úsáid arís.

Ealaíontóirí Ábhartha: Pablo Picasso
Ealaíontóirí eile a bheadh ábhartha dar leat féin

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

lomháonna de shaothair cheirmeacha Picasso

<http://www.artnet.com/Galleries/Exhibitions.asp?gid=498&cid=101562&currpage=2&currpage2=1&rta=http://www.artnet.com&source=2&type=2>

Trail 2 ag Laganside, Béal Feirste, ceann de thrí rian ealaíne ina bhfuil saothar iontach ealaíne, ó fhigiúirí iarann teiltgthe go múrmhaisithe i leacáin, i bhfabraic agus i snáithín. Féach Bigfish le John Kindness agus Trawl 2000 le Michael Baker.

<http://www.laganside.com/siteFiles/resources/pdf/Trail2.pdf>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga
<http://www.scoilnet.ie>